CEACHT 26

ÉADAÍ NUA



Pictiúr: Radharc:

I siopa éadaí, Páid, Daidí agus an siopadóir, cóta ina láimh ag Daidí, ansin an cóta ar Pháid, £6. Ciorcal cainte agus comhartha ceiste.

Céim 4: Sciorta, geansaí (Ceacht 22), blús, bríste.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Chuaigh Páid agus Daidí go dtí siopa éadaí. Bhí Daidí ag ceannach cóta nua do Pháid. Chuir Páid air an cóta.

Agallamh

DAIDÍ: Seas amach ansin, a Pháid.
SIOPADÓIR: Cas timpeall, más é do thoil é.
PÁID: Is maith liom an cóta seo.
DAIDÍ: Tá sé go han-deas ar fad. Cá mhéad atá air, a shiopadóir?
SIOPADÓIR: Sé phunt.
DAIDÍ: Seo duit. Slán leat anois agus go raibh maith agat.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard (cad) a rinne Páid agus Daidí?
Bhí Daidí ag ceannach bríste do Pháid, is dócha?
Céard a rinne Páid?

Tusa Daidí anois, abair le Páid seasamh amach.
Céard a deir tusa leis, a "shiopadóir"?
An maith leat an cóta, a "Pháid"?
An bhfuil sé go deas, a "Dhaidí"?
Agus an praghas?
Inis dó, a "shiopadóir".
Tabhair dó an t-airgead, a "Dhaidí".
Fág slán ag an siopadóir anois.

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Chonaic* siad cóta.

   (*amárach, gach lá, an Satharn seo caite;* ní, an?: *inné;* ní, an?: *amárach*).

2. Chuir *Páid air* an cóta.

   (*Bríd, mise, tusa, ise, eisean*).

3. Chonaic siad *cóta donn.*

   (*cóipleabhar buí, glantóir dearg, úll glas*).

4. *Sé phunt.*

   (*dhá, trí, ceithre, cúig, seacht, ocht, naoi, deich*).

5. Cá mhéad atá *air*?

   (*an cóta, an blús, an geansaí, an bríste, an sciorta,* etc.).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Dráma:
   Máire agus Mamaí ag ceannach gúna, *nó* Páid agus Daidí ag ceannach bréagán, *nó* Máire agus Bríd ag ceannach na n-earraí grósaera.

3. Scéal a chumadh:
   Níor thaitin an chéad chóta le Páid.

4. Cluiche leis na dathanna:
   Baill éadaí sa bhosca.
   Taispeánann an múinteoir don rang iad agus glaonn na páistí amach na dathanna éagsúla atá orthu. Cuireann sí ball amháin i bhfolach. Tomhaiseann gach páiste ag iarraidh a fháil amach céard atá i bhfolach. An chéad pháiste a thomhaiseann an dath ceart bíonn cead aige dath a thaispeáint agus ball éadaí eile a chur i bhfolach an chéad uair eile. Leanann an cluiche mar seo.

5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Éadaí nua, éadaí nua, éadaí nua sa siopa
Bhí Daidí agus Páid ag ceannach éadaí
Éadaí nua sa siopa.

Curfá

Cóta gorm, cuir ort é
Níl sé go deas, bain díot é.
Cóta eile, cuir ort é
Tá sé go deas, ceannóimid é.